Coláiste na Coiribe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi fhoirgneamh nua atá ag Coláiste na Coiribe, gaelscoil i gcathair na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht na leaganacha Gaeilge a cheangal leis na leaganacha Béarla thíos.

1. foirgneamh	*a. a laboratory*
2. imeall	*b. an anchor*
3. scór	*c. accommodation*
4. cóiríocht	*d. spread out*
5. ag baint amach	*e. a building*
6. scaipthe	*f. put together*
7. curtha le chéile	*g. an edge*
8. saotharlann	*h. twenty*
9. innealtóireacht	*i. finding*
10. ancaire	*j. engineering*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2 Féach ar an liosta ábhar scoile thíos agus pléigh na trí cheist seo a leanas leis an duine in aice leat.

(i) Cad iad na hábhair a bhí/atá ar fáil i do scoil féin?
(ii) An raibh/bhfuil ábhair eile ar fáil i do scoil nach bhfuil ar an liosta?
(iii) Cad iad na cinn is suimiúla, dar leat?

- an eolaíocht
  - an cheimic
  - an fhisic
  - an bhitheolaíocht
- an mhatamaitic (mata)
- teangacha
  - an Fhraincis
  - an Ghearmáinis
  - an Spáinnis
- an Béarla
- an Ghaeilge
- an eacnamaíocht bhaile
- an stair
- an tíreolaíocht
- an fhoirgníocht
- an ghrafaic theicniúil
- an teicneolaíocht
- an chuntasaíocht
- an eacnamaíocht

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus abair cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo.

1. Tá Coláiste na Coiribe tar éis a bheith ag fanacht le scoil nua le fiche bliain.
   Fíor / Bréagach
2. Chosain an scoil nua dhá mhilliún euro.
   Fíor / Bréagach
3. Sular tógadh an scoil nua, bhí na ranganna sóisir agus na ranganna sinsir i bhfoirgnimh dhifriúla.
   Fíor / Bréagach

Ceist 4 Bain triail as an gcleachtadh seo ar an tuiseal ginideach.

1. seomra (adhmadóireacht) _____
2. rang (ríomhaireacht) _____
3. seomra (cócaireacht) _____
4. múinteoir (rang) _____
5. dialann (scoil) _____
6. múinteoir (Fraincis) _____
7. leabhar (stair) _____
8. cruinniú (foireann) _____
9. dialann (foghlaim) _____
10. scrúduithe (samhradh) _____

Ceist 5 An dtuigeann tú cén fáth a bhfuil séimhiú sna cásanna seo thíos? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

- ag fanacht ar **ch**óiríocht nua
- difríocht **mh**ór
- sé **mh**illiún

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad iad na háiseanna a bhí/atá ar fáil i do scoil féin? An dóigh leat go raibh/go bhfuil áiseanna maithe inti?
2. Cad é an dearcadh atá agat i leith gaelscoileanna?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
e	g	h	c	i	d	f	a	j	b

Ceist 2
Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun na ceisteanna seo a fhreagairt.

Ceist 3
1. Fíor.
2. Bréagach.
3. Fíor.

Ceist 4
1. seomra adhmadóireachta
2. rang ríomhaireachta
3. seomra cócaireachta
4. múinteoir ranga
5. dialann scoile
6. múinteoir Fraincise
7. leabhar staire
8. cruinniú foirne
9. dialann foghlama
10. scrúduithe samhraidh

Ceist 5
1. Leanann séimhiú an réamhfhocal ‘ar’, seachas i gcásanna ar leith. (Ní leanann séimhiú **ar**: (a) nuair is am atá i gceist, e.g. ar maidin; (b) nuair atá staid i gceist, e.g. ar meisce; (c) nuair is ionad ginearálta atá i gceist, e.g. ar bord).
2. Cuirtear séimhiú ar an aidiacht mar go bhfuil an t-ainmfhocal atá roimpi baininscneach.
3. Leanann séimhiú na huimhreacha 2-6. (Leanann séimhiú an uimhir 1 freisin, ach amháin i gcás ainmfhocal dar tús ‘d’, ‘s’ nó ‘t’.)

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Tá tús curtha ag scoláirí Choláiste na Coiribe lena gcuid ranganna sa bhfoirgneamh[1] nua ar imeall thiar chathair na Gaillimhe. Tá an scoil scór bliain ag fanacht ar chóiríocht nua don líon mór scoláirí atá acu agus í ar an nGaelcholáiste is mó in iarthar na tíre.

Tomás Ó Mainnín
Daltaí agus múinteoirí Ghaelcholáiste na Coiribe ag baint amach a ranganna ina bhfoirgneamh nua le chéile dá gcéad lá gnáthscoile. Le os cionn fiche bliain tá iarrachtaí ar bun scoil nua a fháil don gcoláiste[2]. Roimhe seo, bhí idir dhaltaí agus mhúinteoirí scaipthe idir ceithre láthair dhifriúla[3] sa chathair.

Ailbhe Ní Ríogáin
Ceapaim go ndéanann sé difríocht mhór anseo. Tá meon i bhfad níos deise sa scoil. Tá gach duine le chéile. Tá sé níos éasca obair éifeachtach a dhéanamh sa scoil mar níl na múinteoirí scaipthe thart agus tá sé níos curtha le chéile mar scoil.

Stiofán Ó Cualáin
Chosain an scoil mar atá sí inniu isteach is amach ar sé mhilliún déag agus go náisiúnta...tá sí lán... tá sí déanta do 720 scoláire agus an uair sin beidh sí mar an scoil, an gaelcholáiste is mó sa tír.

Tomás Ó Mainnín
Tá cúig shaotharlann sa scoil chomh maith le seomraí adhmadóireachta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus a thuilleadh.

Tomás Mac Pháidín
Ceapaim go ndéanfaidh sé rud amháin, b'fhéidir, atá fíorthábhachtach. Den chéad uair le hocht mbliana anois tá pobal ag Coláiste na Coiribe laistigh den scoil mar bhí an scoil scaipthe ar fud na cathrach. Bhí dream sinsir nach bhfaca riamh an dream sóisir mar ní raibh siad riamh in aon fhoirgneamh leo, *so* tá pobal inmheánach agus tá pobal seachtrach. Sna seanáiteanna go raibh an scoil scaipthe ar fud na cathrach, ní raibh aon phobail timpeall orthu mar go raibh sí scaipthe agus ar ndóigh, tá an scoil tar éis athrú isteach go ceantar Gaeltachta *so* beidh sí b'fhéidir, mar ancaire nó mar phríomhfhoinse Gaeltachta sa cheantar agus mar áis iontach.

Tomás Ó Mainnín
Tá os cionn fiche bliain fáis déanta ag an gColáiste sa chathair seo agus tá súil anois gur roimpi, mar an gaelcholáiste is mó sa tír, a bheidh fiche bliain faoi bhláth.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 sa Ghaillimh

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas na Mumhan
[3] *ceithre láthair difriúil* a deirtear sa mhír